Halla na Cathrach nua – dearcadh sean-fhaiseanta céanna

Tá Comhairle Cathrach Bhéal Feirste ag seachaint deis leis an Ghaeilge a cheiliúradh agus a chur san áireamh go hiomlán agus athmhaisiú á déanamh ar Halla na Cathrach. Chuir roinnt eagraíochtaí Gaeilge Feisteach moltaí isteach chuig an Chomhairle, ar lorg ardú íomhá don teanga taobh istigh don fhoirgneamh nuair a osclaítear an áit níos moille sa bhliain.

Dúirt Janet Muller, príomhfheidhmeannach POBAL, ôBhuail muid le hoifigigh an Chomhairle agus chuir muid moltaí scríofa isteach chomh maith, ag moladh comharthaí dhátheangacha agus próifíl níos suntasaí don teanga le beocht na Gaeilge sa chathaoir a léiriú. Is mithid don Chomhairle teacht isteach sa 21 aois anois. Faraor, cé gur ghlac an Chomhairle le roinnt moltaí beaga, is cosúil nach bhfuil sé inchurtha le níos mó na céimeanna beaga bídeacha a ghlacadh i dtreo an todhchaí. Tá sé anois 8 mbliain ó cuireadh ceangal dlí ar an Chomhairle faoin Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnda nó Mionlaigh, an Ghaeilge a chosaint agus a chaomhnú. Ach go fóill, bôfhearr le roinnt sa Chomhairle cloí le polasaí sean-fhaiseanta, as dáta, a chuireann in iúl go bhfuil an Ghaeilge óscoilteachô.ô

Dúirt sí, ôDar le Daonáireamh 2001, tá thar 36,000 duine le Gaeilge sa chathair. Ardaíodh ar an fhigiúir seo le 8 mbliain anuas. Roimhe seo, dôadmhaigh Comhairle Bhéal Feirste go raibh Gaeilge ag duine as 4 i gceantracha ar leith na cathrach. Taobh amuigh den Ghaeltacht, is i mBéal Feirste atá an líon is airde de pháiste i scoileanna lán Gaeilge. Is abhus i mBéal Feirste atá croílár na hathghiniúna uirbeach Gaeilge. Scéal mór atá ann, atá aitheanta fud fad an domhain. Tá pobal na Gaeilge beo, bríomhar i mBéal Feirste agus tá dearcadh an Chomhairle as tiúin agus gan loighic.

Tá sé sásta glacadh le comharthaí beaga crinn líne as Gaeilge, ach ní ghlacfaidh sé le comharthaí eile. Tugtar cead do ghrúpaí Gaeilge a bheith páirteach san oscailt oifigiúil, ach cuireann se in iúl nach bhfuil cur chuige na ngrúpaí Gaeilge óiomlánaithe.ô Dôíoc Gaeil na cathrach a gcuid de chostais athmhaisithe Halla na Cathrach as rataí sôagainn féin. Cuireann muid le luach na cathrach gach lá, agus ba thrua d a mbeadh an Cuma air go bhfuil roinnt ar an Chomhairle a creideann gur saoránaigh dara grád atá ionainn. ó

Tuilleadh eolais:

Janet Muller 028 90 438132 or 077 13 630325